

STAIR NA HÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

Toirc na Teamhrach c.1200RC



Dá dtairgfeadh duine muince a thabhairt duit a bheadh déanta as aon ábhar ar domhan, cad a déarfá?

Adhmad?

Cloch?

Ór?

Ór a roghnódh na daoine a raibh cónaí orthu i dTeamhair os cionn 3,000 bliain ó shin. Níl aon amhras ann faoi sin. Ar ndóigh, ní raibh na gnáthdhaoine in ann earraí óir a chaitheamh riamh. Bhí siad i bhfad róghnóthach i mbun a gcuid oibre, mar shampla, feirmeoireacht agus glanadh agus cócaireacht. Ach dá bhfeicfidís duine ag siúl thart agus ór á chaitheamh aige nó aici is cinnte go stánfaidís ar an duine sin. Ach dá bhfeicfidís duine ag siúl thart agus toirc óir á gcaitheamh aige nó aici, stánfaidís ar bhealach níos géire. I bhfad níos géire.

Is é atá i dtoirc ná fáinní móra atá cosúil le muincí nó criosanna agus déantar as barraí fada óir chasta iad. Cheapfá go mbeadh sé sin simplí go leor. Cheapfá nach mbeadh sé deacair barra óir a chasadh. Ach ní mór duit a chuimhneamh gur miotal 'bog' é an t-ór, rud a chiallaíonn go rabhthas in ann é a lúbadh agus a chasadh chun cruth an toirc a bhaint amach cé nach raibh sé sin chomh héasca sin agus ní raibh aon innealra galánta ag na daoine an tráth sin.

Le fírinne, is réada thar a bheith iontach iad toirc na Teamhrach. Dá ndéanfá an torc is mó a dhíchasadh agus an t-ór go léir a leathadh amach ar an talamh bheadh sé 167 cm ar fad. Sin fad níos mó na cúig rialtóir agus iad leagtha síos ceann i ndiaidh cinn agus sin cuid mhór óir.

Tá roinnt daoine a bhfuil staidéar déanta acu ar an saol i dTeamhair den tuairim, maidir leis na toirc, go raibh siad ina siombailí de chumhacht mhór agus de thábhacht mhór ach, chomh maith leis sin, go

bhféadfadh sé gur nasc de chineál éigin a bhí iontu idir na beo agus na mairbh. Measfaí maidir le haon duine a mbeadh ceann de na toirc seo á chaitheamh aige gur duine an-speisialta a bhí ann ach measfaí freisin go raibh sé nó sí rud beag taibhsiúil.

Dá bhrí sin, dá mbeadh cónaí ort i dTeamhair os cionn trí mhíle bliain ó shin agus dá bhfeicfeá bean nó fear agus torc á chaitheamh aici nó aige, agus í nó é i mbun searmanais an-tábhachtach nó ag cur fáilte roimh roinnt aíonna an-tábhachtach nó ag siúl thart agus cuma an-tábhachtach uirthi nó air, seans maith go stadfa den rud a bhí ar siúl agat.

Dhéanfaí staic díot.

B'fhéidir go ndéanfa meangadh mór gáire leis nó léi.

B'fhéidir go gcroithfeá do lámh.

Nó b'fhéidir go gceapfa go raibh an duine chomh taibhsiúil sin agus chomh scanrúil sin nach bhféadfá breathnú air nó uirthi idir an dá shúil agus go gcromfa do cheann go han-íseal.

Cá bhfios?

Ach is cuma cén duine a raibh na toirc sin á gcaitheamh acu, is cinnte go raibh meangadh rúnda á dhéanamh aige nó aici aon uair a chuir siad orthu féin iad. Agus rinne siad an meangadh rúnda sin mar go raibh a fhios acu, is cuma cén áit a ndeachaigh siad ná cad a rinne siad, go stopfadh daoine agus go stánfaidís agus go dtabharfaidís na toirc faoi deara.